

Bileog 14.1**Cad é atá tú a dhéanamh. . .?****Cuid A**


Léigh an dá chomhrá seo os ard leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Máirt?
- Faic. Cén fáth?
-
- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé hAoine?
- Tá mé ag dul go Corcaigh. Cén fáth?

Cuid B


Féach ar an chomhrá arís. Ag obair leis an duine in aice leat aimsigh bealach eile leis na focail a bhfuil líne fúthu a rá.

- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Máirt?
- Faic. Cén fáth?

**Cuid C**

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís agus ag úsáid na bhfocal thíos cuirigí ceisteanna ar a chéile le fáil amach cad é atá sibh a dhéanamh an tseachtain seo.

- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé hAoine?
- Tá mé ag dul go Corcaigh. Cén fáth?



Bileog 14.2**Cad é atá tú a dhéanamh. . .?****Cuid A**

Beidh tú ag éisteacht le daoine éagsúla ar an téip ag caint faoina gcuid pleananna. Éist leis na comhráite agus ceangail na ceisteanna ar chlé leis na freagraí ar dheis.

Cad é atá tú a dhéanamh san oíche amárach?	Tá mé ag dul go dtí an teach tábhairne.
Cad atá á dhéanamh agat maidin Dé Sathairn?	Tá mé ag dul go Gaillimh.
Cad atá tú a dhéanamh oíche Dé Domhnaigh?	Tá mé ag dul chuig cóisir.
Céard atá ar siúl agat anocht?	Tá mé ag dul go dtí an phictiúrlann.
Cad atá á dhéanamh agat maidin Dé Máirt?	Tada. Ceannóidh mise lón duit.
Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Sathairn?	Tá mé ag fanacht ag baile.
Céard atá ar siúl agat maidin Dé Luain?	Tá mé ag obair.
Cad atá tú a dhéanamh am lóin Dé Céadaoin?	Faic. Tá mé ag dul a luí go luath.

Cuid B

Féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat.

Bileog 14.3**Cad é atá tú a dhéanamh. . .?****Cuid A**

Léigh an cheist agus na freagraí seo os ard leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

- Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom?
- Ba mhaith.
- Ba bhreá liom!
- Ba bhreá liom ach. . .

Cuid B

Féach ar na pictiúir seo de na cúiseanna nach féidir leis na daoine éagsúla dinnéar a ithe le Proinsias. An féidir leat féin agus an duine in aice leat abairt a chumadh a bheadh oiriúnach do gach pictiúr?

Proinsias:

Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom anocht?

Ba bhreá liom ach. . .

1. Beidh mé



2. Beidh mé



3. Beidh mé



4. Beidh mé




5. Beidh mé



Bileog 14.4 Máire agus Jan**Cuid A**

Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosá le chéile.

An chéad choinne

Tá Máire agus Jan ag siúl amach le chéile le ceithre mhí anois. Mothaíonn Jan nach bhfuil Máire chomh mór sin leis a thuilleadh! Agus tá an ceart aige. Bhí caidreamh iontach fada ag Máire le Cormac sular bhuail sí le Jan agus ba mhaith léi an caidreamh nua seo a thógáil go bog. Ní thuigeann Jan é seo áfach!

Cuid B

Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Ba mhaith le Jan Máire a thabhairt amach oíche Dé Sathairn. Cá háit?

2. Cén fáth nach féidir le Máire dul leis?

Cuid C

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén Ghaeilge a bhí ar an téip ar an bhfrása seo:

That's a pity! _____

Cuir ceist ar an duine in aice leat ar mhaith leis/léi dul chuig ceolchoirm leat an tseachtain seo am éigin. Ansin déanaigí rólanna a mhalartú. Bainigí úsáid as na habairtí thíos:

Cad é atá tú a dhéanamh. . . ?

Tá mé ag dul chuig/go dtí/go. . .


Cad chuige?

Ar mhaith leat. . . ?

Ba bhreá ach. . .

Is mór an trua sin!

Bileog 14.5**Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom?***Don mhúinteoir!*

<p>Gafa</p> 	<p>As Baile</p> 	<p>Páistí</p> 
<p>Galf</p> 	<p>Ag obair</p> 	<p>Londain</p> 
<p>Ag déanamh staidéir</p> 	<p>Cóisir</p> 	<p>Laethanta saoire</p> 
<p>Pisa</p> 	<p>Gnóthach</p> 	<p>Peil</p> 

Bileog 14.6 Oíche amárach!**Cuid A**

Bí ag obair leis an duine in aice chun na focail idir lúibíní a scríobh i gceart:

Cad é a (déan + muid) (sa) oíche amárach?

Cad é faoi/Céard faoi (dul) chuig dráma?

Cuid B

Scríobhaigí focail sna boscaí thíos atá ag teastáil le freagra a thabhairt ar an chéad cheist i gCuid A.

Briathra san Aimsir Fháistineach
Gheobhaidh muid. . .

Le déanamh. . .
Scannán
Dinnéar
Ag siúl
Peil

Cuid C

Anois cuirigí ceist ar a chéile cad é ba mhaith libh a dhéanamh san oíche amárach. Féach ar an chomhrá samplach seo le cuidiú libh.

- Cad é a dhéanfaimid san oíche amárach?
- Gheobhaidh muid scannán agus fanfaidh muid sa bhaile.
- Go breá.

- Cad é a dhéanfaimid san oíche amárach?
- Cad é faoi dhul go dtí an phictiúrlann?
- Go hiontach.

Bileog 14.7**Oíche amárach!****Cuid A**

Beidh tú ag éisteacht le daoine éagsúla ar an téip ag cur síos ar na pleananna atá acu. Éist leis na comhráite agus breac síos sa spás tugtha an méid is féidir leat a rá faoi na pleananna atá na cainteoirí ag déanamh.



Cad é a dhéanfaimid san oíche amárach?

Cad é faoi dhul chuig dráma?


Comhrá	Cad is féidir leat a rá faoi na pleananna?
A haon	
A dó	
A trí	
A ceathair	
A cúig	
A sé	
A seacht	

Cuid B

An raibh na freagraí céanna agat leis an duine in aice leat?

Bileog 14.8**An t-am****Cuid A**

Féach ar an chlog thíos agus scríobh na hamanna i bhfocail san áit cheart sa léaráid:

**Cuid B**

1. Scríobh amanna difriúla sna spásanna thíos. Léigh amach na hamanna ansin don duine in aice leat.

3.25pm _____ _____ _____
 _____ _____ _____ _____

2. Beidh an duine in aice leat ag léamh amach amanna difriúla duit. Breac síos na hamanna a deir sé/sí.

3.25pm _____ _____ _____
 _____ _____ _____ _____

3. Taispeáin na hamanna dá chéile. An raibh an ceart agaibh?

Cuid C

Ag obair leis an duine in aice leat cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

At half past seven

Around nine o'clock

Bileog 14.9**Cén t-am a chasfaimid le chéile?****Cuid A**

Cuir tic le A, B nó C i ngach cás thíos chun na comhráite a chríochnú.

1. Ar mhaith leat teacht liom?

- A. Beidh.
- B. Ba mhaith.
- C. Go hiontach.

2. Cén t-am a chasfaimid le chéile?

- A. Ar leath i ndiaidh a sé.
- B. Oíche anocht.
- C. Ba bhreá liom.

3. Cad é faoi dhul chuig scannán?

- A. Is mór an trua sin.
- B. Cinnte.
- C. Casfaidh mé leat ansin.

4. Cén t-am a thosóidh sé?

- A. Ba bhreá liom.
- B. Ar chúig bhomaite go dtí a naoi.
- C. Beidh mé gafa.

Cuid B

Féach an bhfuil na freagraí céanna ag an duine in aice leat. An féidir libh smaoiniamh ar fhreagraí ar bith eile a bheadh oiriúnach do na ceistanna thuas?

Cuid C

Cuir ceist ar an duine in aice leat faoi imeacht amháin a bhfuil sé/sí ag freastal uirthi an tseachtain seo agus aimsigh an t-eolas seo ar fad:

An imeacht: _____

Cén lá/oíche den tseachtain: _____

Cé a bheidh leis/léi? _____

Cén t-am a thosóidh sí? _____

Bileog 14.10**Ag déanamh socruithe****Cuid A**

Scríobh isteach dhá rud a ba mhaith leat a dhéanamh an tseachtain seo sa dialann thíos.

Dé Luain 3 Feabhra	_____
Dé Máirt 4 Feabhra	_____
Dé Céadaoin 5 Feabhra	_____
Déardaoin 6 Feabhra	_____
Dé hAoine 7 Feabhra	_____
Dé Sathairn 8 Feabhra	_____
Dé Domhnaigh 9 Feabhra	_____

Cuid B

Anois siúil timpeall an ranga chun daoine a aimsiú le dul leat chuig na himeachtaí atá líonta isteach agat. Beidh daoine ag iarraidh ortsa dul leosan chomh maith ach ní féidir leat a bheith amuigh gach oíche den tseachtain. Beidh ort cúpla leithscéal a úsáid.

Seo thíos an t-eolas a bheidh le socrú agaibh.

- An ócáid/an imeacht
- An áit
- Cén t-am a thosóidh sé
- Cén áit a gcasfaidh sibh le chéile
- Cén t-am a chasfaidh sibh le chéile

Bileog 14.11**Ag déanamh socruithe – Duine A****Cuid A**

Tá tú féin agus cara leat ag dul chuig cóisir san oíche amárach agus caithfidh sibh socruithe a dhéanamh le dul ann. Seo thíos sonraí na cóisire:

Ócáid: Breithlá Shorcha
Áit: 47 Sráid Thomáis
Am: 8pm

Tá do dheoch féin le tabhairt leat!

**Cuid B**

Seo thíos na sonraí a bhaineann leatsa. Tá sonraí difriúla ag B.

- Tá tú ag teacht ó Ghailimh go Baile Átha Cliath ar an traein.
- Níl carr leat.
- Níl cur amach agat ar Bhaile Átha Cliath.
- Níl aithne agat ar mhórán daoine eile.

Cuid C

Anois labhair le B le socruithe cinnte a dhéanamh faoi dhul chuig an chóisir. Seo na rudaí a chaithfidh sibh a dhéanamh.

Caithfidh sibh . . .

Casadh le chéile: Cén áit? Cén t-am?

Deoch a cheannach don chóisir: Conas?

Casadh le cairde roimh ré sa teach tábhairne: Cén t-am?

Dul abhaile: Conas?

Bileog 14.12**Ag déanamh socruithe – Duine B****Cuid A**

Tá tú féin agus cara leat ag dul chuig cóisir san oíche amárach agus caithfidh sibh socruithe a dhéanamh le dul ansin. Seo thíos sonraí na cóisire:

Ócáid: Breithlá Shorcha
Áit: 47 Sráid Thomáis
Am: 8pm

Tá do dheoch féin le tabhairt leat!

**Cuid B**

Seo thíos na sonraí a bhaineann leatsa. Tá sonraí difriúla ag A.

- Tá tú i do chónaí cúig mhíle ó lár na cathrach.
- Beidh tú ag tiomáint.
- Is as Baile Átha Cliath tú.
- Tá aithne agat ar gach duine a bheidh ag an chóisir.

Cuid C

Anois labhair le A le socruithe cinnte a dhéanamh faoi dhul chuig an chóisir. Seo na rudaí a chaithfidh sibh a dhéanamh.

Caithfidh sibh . . .

Casadh le chéile: Cén áit? Cén t-am?

Deoch a cheannach don chóisir: Conas?

Casadh le cairde roimh ré sa teach tábhairne: Cén t-am?

Dul abhaile: Conas?

Bileog 14.13**Ag déanamh socruithe – Duine A**

Seo Rólghníomhaíocht bunaithe ar scrúdú samplach A2.

- *Tá eolas anseo faoi chóisir a bheidh ar siúl ag an deireadh seachtaine.*
- *Tá bileog ag duine B le heolas faoi chóisir eile a bheidh ar siúl ag an deireadh seachtaine*
- *Tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an duine eile faoin chóisir a bheidh ar siúl. Féach an comhrá samplach thíos.*
- *Nuair a bheidh an méid sin déanta, tabhair deis don duine eile ceisteanna a chur ortsa faoin chóisir a bhfuil eolas agat féin faoi.*

Cóisir

Áit? Corcaigh (lár na cathrach)

Ócáid? Cóisir na Samhna

Lóistín? Óstán

Cé a bheidh leat? Do bhuachaill/do chailín

Rudaí le tabhairt leat? Bia agus deoch

Cén dóigh a rachaidh sibh ann? Traein

Comhrá samplach

B: Cad é atá tú a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?

A: Tá mé ag dul go Corcaigh.

B: Ó, go deas. Cén fáth?

A: Tá cóisir ar siúl, cóisir na Samhna.

B: Agus an bhfanfaidh tú ann thar oíche?

A: Fanfaidh, buíochas le Dia.

B: Agus an bhfuil aon duine ag dul leat?

A: Tá, tá mo bhuachaill ag teacht liom.

B: Inis dom, an gcaithfidh tú aon rud a thabhairt leat?

A: Caithfidh. Caithfidh muid pláta amháin bia a thabhairt linn agus buidéal fíona, nó rud éigin mar sin.

B: Cén dóigh a rachaidh sibh ansin?

A: Tógfaidh muid an traein ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus ansin baileoidh cara linn ón traein muid.

Bileog 14.14**Ag déanamh socruithe – Duine B**

Seo Rólghníomhaíocht bunaithe ar scrúdú samplach A2.

- Tá eolas anseo faoi chóisir a bheidh ar siúl ag an deireadh seachtaine.
- Tá bileog ag duine A le heolas faoi chóisir eile a bheidh ar siúl ag an deireadh seachtaine.
- Beidh duine A ag cur ceisteanna ortsa anois faoin chóisir a mbeidh tú ag dul chuici. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an duine eile faoin chóisir a bhfuil eolas aige/aici faoi.

Cóisir

Áit? Sligeach (in aice leis an fharrage)

Ócáid? Breithlá

Lóistín? Óstán

Cé a bheidh leat? 2 + cara

Rudaí le tabhairt leat? Bronntanas

Cén dóigh a rachaidh sibh ann? Carr

Comhrá samplach

- A: Cad é atá tú a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?
 B: Tá mé ag dul go Sligeach.
 A: Ó, go deas. Cén fáth?
 B: Tá cóisir ar siúl. Breithlá mo charad atá ann.
 A: Agus an bhfanfaidh tú ann thar oíche?
 B: Fanfaidh muid in óstán in aice le teach mo charad.
 A: Agus an bhfuil aon duine ag dul leat?
 B: Tá, tá beirt chairde ag dul liom.
 A: Inis dom, an gcaithfidh tú aon rud a thabhairt leat?
 B: Caithfidh. Caithfidh muid bronntanas dá bhreithlá a cheannach.
 A: Cén dóigh a rachaidh sibh ansin?
 B: Tá mise ag tiomáint ann. Baileoidh mé mo chuid cairde i Maigh Eo agus rachaidh muid ann le chéile ansin.